# Dún Laoghaire-Ráth an Dúin
# Dún Laoghaire-Rathdown

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

Cruinniú na nÓg 2018: lá cruthaitheachta agus spraoi do dhaoine óga ag dlr LexIcon.
Creidiúint: Peter Cavanagh

*Cruinniú na nÓg 2018: a day of youthful creativity and family fun at dlr LexIcon.*
*Credit: Peter Cavanagh*

# Ábhar
# Contents


| | |
|---|---|
| 1 | Réamhrá<br>*Foreword* |
| 2 | Cultúr agus Cruthaitheacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin<br>*Culture and Creativity in Dún Laoghaire-Rathdown* |
| 3 | Fís Éire Ildánach do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin<br>*The Creative Ireland Vision for Dún Laoghaire-Rathdown* |
| 4 | Luachanna Éire Ildánach i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin<br>*The Creative Ireland Values in Dún Laoghaire-Rathdown* |
| 5 | Tosaíochtaí Straitéiseacha do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin<br>*Strategic Priorities for Dún Laoghaire-Rathdown* |
| 6 | Cur i bhfeidhm<br>*Implementation* |


dlr
Comhairle Contae County Council

# 1 Réamhrá
## Foreword

TÁ DÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN suite idir na sléibhte agus an fharraige agus is ceantar ann féin é lena mbaineann cultúr bríomhar. Ní amháin go bhfuil timpeallacht nádúrtha mórthaibhseach ann, tá pobal cruthaitheachta ann freisin lena mbaineann cuid mhór scríbhneoirí, ealaíontóirí, oirfideach agus daoine eile atá gníomhach i réimse na n-ealaíon agus an chultúir ina bpobail féin. Bíonn raon leathan gníomhaíochtaí cultúir pobalbhunaithe ar bun freisin ag grúpaí áitiúla don óige, ag cumainn drámaíochta agus cheoil, ag córanna, ag grúpaí do dhaoine atá ar pinsean agus ag eagraíochtaí eile ar fud an chontae.

Tá an soláthar maidir le cúrsaí cultúir forbartha go maith i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Oibríonn an Chomhairle le háititheoirí, le gnólachtaí, le grúpaí pobail agus leis an earnáil dheonach maidir le caighdeán an tsaoil ag an uile dhuine a chur chun cinn. Tá sin ar cheann de phríomhchuspóirí Phlean Corparáideach na Comhairle. Cuidíonn modhanna nua ina bhféadann an pobal leas a bhaint as an soláthar cultúir agus measúnú ar fhoghlaim thrialach le fíorú na físe arb é atá ann ná: 'Contae bríomhar cliste a bheith ann atá tarraingteach agus uilechuimsitheach agus a bhfuil áisiúlacht ann don uile dhuine agus Comhairle a bheith ann a chruthaíonn todhchaí níos fearr don Chontae agus dá phobail go léir.

Glacaimid leis an gcruthaitheacht den uile chineál, mar shampla, garraíodóireacht agus cócaireacht, amharc-ealaín, an litríocht agus an ceol, nithe a dhéantar as Lego agus códúchán, agus gach ní ar féidir é a shamhlú, agus, tríd an bplean seo, féachtar leis an acmhainn cruthaitheachta atá ann sa Chontae, agus i ngach duine faoi leith a chónaíonn nó a oibríonn sa chontae, a chothú.

SET BETWEEN THE mountains and the sea Dún Laoghaire-Rathdown is a unique and culturally vibrant area. It is home not only to a spectacular natural environment but also to a creative community including many writers, artists, performers and people who are active in arts and culture in their communities. There is also a diverse range of much loved community-based cultural activity in local youth groups, amateur dramatic and musical societies, choirs, active retirement groups and other organisations throughout the County.

Cultural provision in DLR is well developed. The Council works with residents, businesses, community groups and the voluntary sector to drive quality of life for all. This is a key goal in the Council's Corporate Plan. Creating new ways for the public to engage with cultural provision and exploring experimental learning contributes to the vision of: 'a smart vibrant County which is attractive, inclusive and accessible, and a Council which shapes a better future for our County and all its communities.'

We embrace creativity in the broadest sense, from gardening and cookery, to visual art, literature and music, to Lego creations and coding and as far as the imagination can stretch, this plan strives to enhance the creative potential of the County and all those who live and work here.

Dún Laoghaire-Rathdown County Council welcomes the ambitions of the Creative Ireland Programme, the Government's Legacy Programme for Ireland 2016. A creative life is full of new possibilities, discoveries, exploration, experimentation, self-expression and invention.

Throughout 2017 many departments throughout the Council worked together on a number of projects under the Creative Ireland Plan 2017 and delivered a strong programme of creative activity throughout the County.



Cuireann Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin fáilte roimh uaillmhianta Chlár Éire Ildánach arb é atá ann ná tionscnamh de chuid an Rialtais a eascraíonn le hoidhreacht ó Éire 2016. Bíonn saol na cruthaitheachta lán d'fhéidearthachtaí nua,, d'fhionnachtana, de thaiscéalaíocht, de bhearta trialacha, d'fhéinléiriú agus de chumadóireacht.

D'oibrigh ranna éagsúla ar fud na Comhairle le chéile i rith na bliana 2017 ar thionscadail faoi leith a tháinig faoi Phlean Éire Ildánach 2017 agus cuireadh clár breá de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha ar fáil ar fud an Chontae. Le linn an plean seo don tréimhse 2018 – 22 a chur i bhfeidhm, déanfar an obair agus an comhoibriú sin idir ranna taobh istigh den Chomhairle, agus leis na príomh-geallsealbhóirí go léir, a fhorbairt tuilleadh d'fhonn an soláthar cultúir taobh istigh den Chontae a chothú agus a mhéadú ar mhaithe leis an uile dhuine.

Táimid ag tnúth go mór le bheith ag comh oibriú le hÉire Ildánach agus le bheith i mbun gníomhaíochtaí faoi na cúig Cholún a bhaineann leis an gClár.

1. Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh
2. Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal
3. Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta & an Chultúir
4. Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán do na Meáin Cruthaitheachta
5. Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

The implementation of this plan for 2018 – 22 will see the further development of this work and co-operation with departments within the Council as well as with all the key stakeholders to sustain and grow cultural provision within the County for the benefit of all.

We are excited to work with Creative Ireland and engage with the five Pillars of the Programme.

1. Enabling the Creative Potential of Every Child
2. Enabling Creativity in Every Community
3. Investing in our Creative and Cultural Infrastructure
4. Ireland as a Centre of Excellence in Media Production
5. Unifying our Global Reputation

Tá deis shuntasach ag an gComhairle, leis an straitéis seo, oibriú le hÉire Ildánach chun aird a tharraingt ar an soláthar maidir le cúrsaí cultúir agus ar oidhreacht an Chontae.

Tríd an raon áiseanna a chuireann an Chomhairle ar fáil ar fud an Chontae, tá ardán daingean á chur ar fáil chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha a thionscnamh, agus tá tacaíocht á cur ar fáil do na gníomhaíochtaí sin. Cuireann dlr LexIcon, Leabharlann agus Ionad Cultúir, fáilte roimh 10,000 duine sa tseachtain, tá an Grainstore ann mar ionad ceoil do chuid mhór daoine i bPáirc Chábán tSíle, tá amharclann an Pavilion ann, tá amharclann dlr Mill Theatre ann, tá foirgnimh oidhreachta ann amhail Teach Chábán tSíle agus Teach Mharlaí.

De réir mar atá an straitéis a cur i bhfeidhm, beidh ionad DLR mar cheannaire maidir le hEalaíona Cruthaitheacht ar fud an Chontae á neartú.

**Philomena Poole**
Príomh-Fheidhmeannach

**An Comhairleoir Tom Murphy**
Cathaoirleach

This strategy provides a significant opportunity for the Council to work with Creative Ireland to showcase the cultural provision and heritage of the County.

The range of facilities provided by the Council across the County provides and supports a strong platform from which creative activities are launched. These include the dlr LexIcon Library and Cultural Centre which welcomes 10,000 visitors per week, the Grainstore; a music venue for many people in Cabinteely Park, the Pavilion Theatre, the dlr Mill Theatre and heritage buildings such as Cabinteely House and Marlay House.

As we move forward to implement the strategy it further strengthens DLR's position as a leader in the Creative Arts across the County.

**Philomena Poole**
dlr Chief Executive

**Councillor Tom Murphy**
An Cathaoirleach







dlr LexIcon agus an tsuiteáil Red Jetty (Creidiúint: Údarás Eitlíochta na hÉireann)
*dlr LexIcon with Red Jetty installation (Credit: Irish Aviation Authority)*

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin
## Culture and Creativity in Dún Laoghaire-Rathdown

"The gift of this place transcends time, and distance. Its gift is our potential, and potentially infinite."

"Beyond This"
**Colm Keegan,**
An chéad Scríbhneoir Cónaitheach, dlr LexIcon, 2015
*Inaugural Writer in Residence, dlr LexIcon, 2015*

TÁ AN CULTÚR, an oidhreacht agus an stair de dhlúth agus d'inneach i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin mar a bhfuil cósta scéimhiúil, bailte beaga tarraingteacha, bailte móra agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath, áiseanna agus cláir chultúir de scoth an domhain agus sin ar fad ag cur le hardchaighdeán an tsaoil agus le folláine an uile dhuine.

Tá 218,018 duine (Daonáireamh 2016) ina gcónaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin atá suite idir bruachbhailte imeallacha Chathair Bhaile Átha Cliath, cósta dheisceart Bhaile Átha Cliath agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath / Chill Mhantáin. Tháinig ardú 5.3% ón mbliain 2011 i leith ar dhaonra an chontae atá ar an gceann is lú in Éirinn ó thaobh réimse tíre agus ina bhfuil achar talún 125km cearnach. Mar shraith sráidbhailte i gceantar tuaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a tharla forbairt sa Chontae ar dtús, go háirithe Deilginis agus, mar thoradh ar fhorbairt an chalafoirt i nDún Laoghaire ina dhiaidh sin agus an bhóthair iarainn feadh an chósta, tháinig bruachbhailte comaitéireachta chun cinn a bhfuil saintréithe dá gcuid féin ag baint leo.

Is í an chloch eibhir faoin talamh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin an rud dhéanann idirdhealú idir é agus Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus is ionann an bhunchloch sin agus tús an réimse fhairsing de thailte sléibhe a shíneann chomh fada ó dheas le sléibhte oirdheisceart na hÉireann. Dá bhrí sin, tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin suite ar mhaighdeog, agus é ag féachaint ó Thuaidh agus Soir go lár na cathrach agus amach ar an bhfarraige ar thaobh amháin agus ó Dheas agus Siar trasna na sléibhte ar an taobh eile. Is iad na gnéithe geolaíochta sin is bun leis an talamh droimneach, leis na beanna agus na gleannta agus le gnéithe an chladaigh agus an chósta a chuireann go mór le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin mar áit chónaithe agus oibre ag daoine, mar áit ina ndéantar staidéar nó mar Chontae le cuairt a thabhairt uirthi.

### Áit Chruthaitheachta

Fágann forais chultúir shuaitheanta de chuid an aonú céad is fiche go bhfuil ábhar spéise de chuid na linne seo le háireamh freisin san oidhreacht fhoirgnithe ina gcuimsítear séadchomharthaí réamhstairiúla agus lonnaíochtaí de chuid an ochtú haois déag agus an naoú haois déag ar saintréithe de chuid an chontae iad. Tá, agus beidh, tionchar ag dlr LexIcon, is é sin, mórthionscadal caipitiúil infreastruchtúir, ina gcuimsítear Dánlann Chathartha an Chontae, ar an soláthar cultúir i nDún Laoghaire - Ráth an Dúin. Foirgneamh íocónach atá ann a bhfuil braisle cultúir ina thimpeall sa Chontae lena n-áirítear Amharclann an Pavilion, Músaem Náisiúnta Muirí na hÉireann, Dance Theatre of Ireland, Amharclann Puipéadóireachta Mhuintir Lambert, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, dlr Mill Theatre, an Grainstore – Áis Ealaíne dlr don Óige, Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse, Músaem James Joyce, an Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IADT) agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD).

DÚN LAOGHAIRE-RATHDOWN is steeped in culture, heritage and history, combining a combining a breathtaking coast, inviting villages and towns and the Dublin Mountains, world class cultural facilities and programmes, all of which contribute to a high quality of life and well-being for all.

Located between the outer suburbs of Dublin City, the South Dublin coastline and the Dublin / Wicklow Mountains, Dún Laoghaire-Rathdown has a population of 218,018 (2016 Census) having risen by 5.3% since 2011 and spatially, is the smallest in Ireland, covering an area of 125km squared. The County initially developed as a series of rural villages outside Dublin, most prominently Dalkey, with the construction of Dún Laoghaire Harbour and the coastal railway leading to the development of suburban, commuter towns with a distinct character and appearance.

It is the underlying granite of Dún Laoghaire-Rathdown that distinguishes it from the Greater Dublin Area and marks the start of the great swathe of uplands that reach as far as the mountains of the south east of Ireland. Dún Laoghaire-Rathdown, therefore, sits at a pivot point – looking North and East towards the city centre and the sea in one direction, as well as South and West across the mountains in the other direction. This geology forms the basis of the surface undulations, peaks, valleys and coastal shoreline that underpins everything great Dún Laoghaire-Rathdown can offer the people who live, work, study in and visit the County.

### Creative Place

The presence of landmark 21st century cultural institutions adds a contemporary layer of interest to the built heritage, pre-historic monuments and historic settlements that define the County, from 18th and 19th century development. The delivery of dlr LexIcon, a major capital cultural infrastructure project that includes the County's Municipal Gallery, has, and will continue to have, a lifelong impact on the development of cultural provision within Dún Laoghaire-Rathdown. It is an iconic landmark surrounded by a cultural cluster in the County that includes the Pavilion Theatre, National Maritime Museum of Ireland, Dance Theatre of Ireland, Lambert Puppet Theatre, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, dlr Mill Theatre, the Grainstore – dlr's Youth Art Facility, Dalkey Castle and Heritage Centre, James Joyce Museum, Institute of Art Design and Technology (IADT) and University College Dublin (UCD).

Tá raon leathan páirceanna ardchaighdeáin agus spásanna oscailte ann sa Chontae, ar áiteanna iad a chuireann spás áineasa ar fáil do mhuintir an cheantair ina dtimpeall. Tá cuid mhór díobh suite ar thailte sheandiméinte de chuid tithe stairiúla, mar shampla, Páirc Mharlaí agus Páirc Chábán tSíle. Is sócmhainn thairbhiúil ar leith iad sléibhte an Chontae a thugann siad gné shainiúil do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus a bhfuil radharc breá uathu ar fud cheantar Chuan Bhaile Átha Cliath ar fad agus ar an gcathair. Tá roinnt páirceanna foraoiseachta ann atá nasctha le chéile le bealaí siúlóide agus cosáin agus seolann Slí Chill Mhantáin agus Slí Shléibhte Bhaile Átha Cliath daoine chuig áiseanna éagsúla áineasa ghníomhaigh i dTigh an Chnoic, i dTigh Bródáin agus i gCill Tiarnáin.

Is iontach an rud an fharraige agus an cultúr gníomhach mara agus cósta atá ann sa chontae. Is díol suntais iad Cé Dhún Laoghaire, Cladach an Daichead Troigh agus na tránna gléghlana a tharraingíonn daoine chucu chun dul ag snámh, ag seoltóireacht, ag cadhcadóireacht, ag clársheoltóireacht, ag lapadaíl san uisce sáile agus ag tóraíocht ábhar spéise i locháin charraige. Tá traidisiún láidir muirí ag an gContae freisin. Tá aitheantas idirnáisiúnta tugtha do shainiúlacht Chuan Bhaile Átha Cliath agus tá cuid mhór de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin taobh istigh den Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath atá ainmnithe amhlaidh ag UNESCO.

The County's wide range of high quality parks and open spaces serve as recreation space for surrounding communities, many of which are on historic house demesne lands, such as at Marlay Park and Cabinteely Park. The County's mountains are a particularly beneficial asset bestowing Dún Laoghaire-Rathdown with distinctive character and affording fine views that take in the entire Dublin Bay area and city. A number of forest parks are connected by walks and tracks, with the Wicklow Way and the Dublin Mountains Way leading to a range of active recreational facilities at Ticknock, Tibradden and Kilternan.

The sea itself is the big story promoting an active coastal and maritime culture owing to its extensive coastline that features Dún Laoghaire Pier, the Forty Foot and many pristine beaches that attract numerous activities including swimming, sailing, kayaking, wind surfing, paddling and rock pooling. The County also has a rich maritime tradition. The special nature of Dublin Bay is internationally acknowledged by the designation of much of Dún Laoghaire-Rathdown within the UNESCO–designated Dublin Bay Biosphere.





## Pobal na Cruthaitheachta

Mar gheall ar shaibhreas, ar éagsúlacht agus ar fhairsinge an chultúir, an tírdhreacha agus na hoidhreachta sin, tá pobal beo bríomhar cruthaitheachta tagtha chun cinn.

Tá leachta cuimhneacháin poiblí ina gcomharthaí ar stair agus ar oidhreacht an Chontae. I measc na ndaoine a ndéantar comóradh orthu, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, le leachta cuimhneacháin, áirítear gnáthdhaoine agus daoine amhail William Dargan, Liam McCormick, William Sealy Gossett, an Bhanríon Victoria, an Rí George IV, James Joyce, Evelyn Gleeson, Guglielmo Marconi, Lily agus Lolly Yeats agus an Cúnta John McCormack.

Tá cónaí sa Chontae ar an iliomad ealaíontóirí, ceoltóirí, scríbhneoirí, aisteoirí agus stiúrthóirí a bhfuil iomrá idirnáisiúnta orthu agus a bhfuil ceangal láidir acu lena bpobal féin i gcónaí. Tá cuairt tugtha ag daoine iomráiteacha ar an áit seo agus is as an áit seo cuid mhór daoine iomráiteacha. Tá baint ag raon leathan scríbhneoirí leis an áit seo, mar atá, Maeve Binchy, Neil Jordan, Jennifer Johnston, Hugh Leonard, Nuala Ní Dhomhnaill, George Bernard Shaw, JM Synge, Samuel Beckett, WB Yeats, Eavan Boland, Julie Parsons, Joseph O'Connor, Marian Keyes agus Paul Howard agus tá trácht déanta acu ina gcuid saothair ar thréithe na háite agus mhuintir na háite.

Mar gheall ar an gclú atá ann ar fud an domhain ar oidhreacht litríochta Dlr, agus de thoradh ar an mórtas uathúil áite atá ann, spreagadh lucht eagair chun imeachtaí, féilte agus ócáidí cultúir a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta orthu a chur ar bun, lena n-áirítear Mountains to Sea dlr Book Festival, dlrPoetry Now, dlr Library Voices, Summer of Heritage, turais Spring into Heritage, turais litríochta, raon turas eile siúlóide, cuairteanna atá

## Creative Communities

This rich, diverse and abundant culture, landscape and heritage has given rise to an enviable and vibrant creative community.

Public memorials provide physical reminders of the history and heritage of the County. Those commemorated, in one way or another, by memorials, include ordinary people and William Dargan, Liam McCormick, William Sealy Gossett, Queen Victoria, King George IV, James Joyce, Evelyn Gleeson, Guglielmo Marconi, Lily and Lolly Yeats and Count John McCormack.

The County is home to many internationally well-known artists, musicians, writers, actors and directors, who maintain strong links to their communities. Notable people have come from and to this place. Writers as diverse as Maeve Binchy, Neil Jordan, Jennifer Johnston, Hugh Leonard, Nuala Ní Dhomhnaill, George Bernard Shaw, JM Synge, Samuel Beckett, WB Yeats, Eavan Boland, Julie Parsons, Joseph O'Connor, Marian Keyes and Paul Howard have associations with the place and have written of its character and its people.

Dlr's world famous literary heritage and unique sense of place has inspired countless internationally recognised cultural experiences, festivals and events including Mountains to Sea dlr Book Festival, dlr Poetry Now, dlr Library Voices, Summer of Heritage, Spring into Heritage tours, Literary Tours, a range of other walking tours, social history experiences, specialist festivals and several high profile international sailing events which attract thousands of visitors to the area.

dírithe ar ghnéithe den stair shóisialta, féilte speisialta agus imeachtaí seoltóireachta a mbíonn an-iomrá orthu go hidirnáisiúnta agus a tharraingíonn cuairteoirí ina sluaite móra go dtí an ceantar.

Bíonn imeachtaí pobail, ceoil agus drámaíochta amaitéaraí, chomh maith le himeachtaí ealaíne don óige agus gníomhaíochtaí do dhaoine atá ar scor, do grúpaí staire agus ginealais agus do chumainn eile fite, fuaite i saol an chultúir sa Chontae. Tá *Creative Classrooms*, ar scéim í trína mbíonn ealaíontóirí ag obair le scoileanna agus atá i measc na scéimeanna is sine dá chineál dá bhfuil ann sa tír, tar éis tacú le hoideachas cultúir leanaí bunscoile, le breisoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí agus le fostaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí ón mbliain 1994 i leith. Faoi chlár *Ealaíne agus Sláinte* an Chontae, tháinig Dementia Choirs chun cinn ar grúpa é a bhfuil gradaim bronnta air, bunaíodh ceolfhoireann do dhaoine scothaosta, agus cuireadh cláir dhamhsa ar fáil do dhaoine scothaosta ar fud an Chontae. Cuireadh *Oíche an Chultúir* ar siúl sa bhliain 2014 den chéad uair agus d'éirigh go hiontach leis agus b'ábhar ceiliúrtha ag an gComhairle le gairid fógairt thionscnamh ceannródaíochta *Music Generation* sa bhliain 2017.

Community-led events, amateur music, drama, youth arts, active retirement, local historical and genealogical groups and societies are all entwined into the rich fabric of the cultural life of the County. Creative Classrooms, one of the longest running artists in schools schemes in the country, has supported the cultural education of primary school children, upskilled teachers and provided employment to artists since 1994. The County's Arts and Health programme has resulted in award-winning Dementia Choirs, the founding of the older person's orchestra and delivery of Countywide dance programmes for older people. Culture Night was introduced in 2014 to phenomenal success and the Council recently celebrated the announcement of the pioneering Music Generation initiative in 2017.



## Ceannaireacht i ndáil le hAthrú agus Claochlú

Contae sainiúil bisiúil is ea é Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus is contae é a bhfuil codarsnachtaí ann freisin sa mhéid go bhfuil ceantair bheaga ann a bhfuil de rachmas ag baint leo mar aon le ceantair bheaga eile arb í an mhíbhuntáiste atá le sonrú iontu. Tá gníomhaíochtaí eacnamaíochta lonnaithe go príomha sna príomhcheantair gnó ar a n-áirítear Dún Droma, Áth an Ghainimh agus Dún Laoghaire, gan trácht ar lárionaid thábhachtacha amhail an Charraig Dhubh agus Stigh Lorgan. Tá tús curtha cheana féin le fás Choill na Silíní, arb é an crios forbartha is fairsinge riamh i stair an Chontae.

Cuimsíonn próifíl shocheacnamaíochta an Chontae cuid mhór buntáistí amhail an fórsa saothair dea-oilte agus raon gnólachtaí ardchaighdeáin de chineál dúchasach agus coigríche atá ag oibriú sa cheantar. Is i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin atá an ráta is ísle dífhostaíochta in aon Chontae sa Stát agus an leibhéal is airde maidir le gnóthachtáil oideachais.

Ina theannta sin, léiríonn sonraí an daonáirimh freisin go bhfuil céatadán níos airde daoine scothaosta ann sa chontae (beagnach 16% den daonra áitiúil, i gcomórtas le 12% nuair a chuirtear an tír ar fad san áireamh) agus go bhfuil daonra ilghnéitheach ann, is é sin, daoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad 11% de na cónaitheoirí. De bhreis air sin, tá thart ar 11,000 duine atá ann sa chontae cláraithe mar dhaoine dífhostaithe agus tá líon ard mac léinn tríú leibhéal ina gcónaí sa Chontae chomh maith. Le linn freastal ar na riachtanais atá ag pobal

## Leading Transformation

Dún Laoghaire-Rathdown is a thriving and distinctive County of contrasts with small areas of both significant affluence and of disadvantage. Economic activity is focused on key business districts including Dundrum, Sandyford and Dún Laoghaire along with key centres such as Blackrock and Stillorgan with future growth at Cherrywood well underway, representing the largest development zone in the history of the County.

The County's socio-economic profile includes many inherent advantages such as a well-educated workforce and a range of high quality indigenous and foreign firms operating in the area. DLR has both the lowest unemployment rate and the highest level of educational attainment of any County in the State.

The census data also shows a higher percentage of elderly persons (almost 16% of the population compared to 12% nationally) and a diverse population, with 11% of residents identified as non-Irish nationals. In addition, some 11,000 people are registered in the County as unemployed, and the County also has a high number of third level students in residence.

chomh hilghnéitheach sin, beidh deiseanna faoi leith ann chun seirbhísí níos spriocdhírithe agus níos nuálaí a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt chultúir agus is féidir le clár Éire Ildánach an fhorbairt sin a éascú. Cuideoidh na deiseanna a chuirtear ar fáil tríd an gclár Éire Ildánach le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin áirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

- Feabhsuithe ar chur chun cinn agus ar mhargaíocht, go háirithe ar ardáin mheán digiteach
- Cur chuige atá uilechuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta de agus a chothaíonn mórtas láidir áite, agus saoránaigh áitiúla a bheith gníomhach agus gafa ina leith
- Tionscnaimh fheabhsaithe chultúir a bhfuil an pobal i gceannas orthu
- Modhanna oibre radacacha úrnua d'fhonn a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a thabhairt chun cinn ar bhealaí nuálacha barántúla

Is áit iontach é Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le cónaí a dhéanamh ann agus dá réir sin is áit iontach é le cuairt a thabhairt air. Mar thoradh ar an ráchairt mhór a bhíonn ar na spásanna poiblí – na céanna, na páirceanna, na tránna – agus ar chultúr agus oidhreacht an cheantair tagann muintir na háite agus cuairteoirí araon ar an láthair. Dar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá an cultúr agus an chruthaitheacht ina ngnéithe fíorthábhachtacha den tseirbhís phoiblí a sholáthraíonn sí agus a chuireann le caighdeán an tsaoil don uile dhuine sa Chontae agus is ábhar mór mórtais é don Chomhairle a bheith ag leanúint de phobal na cruthaitheachta a chothú, agus de thacaíocht a thabhairt dó, tríd an bPlean seo.

Meeting the needs of such a diverse community offers real opportunities for providing more tailored and innovative services to support cultural development which the Creative Ireland programme can facilitate. The opportunities presented through the Creative Ireland programme will help to address specific challenges in relation to:

- Improvements in promotion and marketing, especially across digital platforms
- A socially inclusive approach to cultural development that fosters a strong sense of place, with active and engaged local citizens
- Enhanced community-led cultural initiatives
- Radical new approaches to ensuring that our culture and our creativity are brought forward in innovative and authentic ways

Dún Laoghaire-Rathdown is a great place to live and by extension, a great place to visit. The popularity of its public spaces – the piers, the parks, the beaches – its culture and heritage is an ongoing source of appeal and interest to both local people and visitors. Dún Laoghaire-Rathdown County Council views culture and creativity as vital components of its public service that contributes to the quality of life for all those in the County and takes great pride in continuing to develop and support the creative community through this Plan.



Cuas an Ghainimh agus dlr LexIcon sa chúlra (Creidiúint: Leabharlanna dlr)

*Sandycove with dlr LexIcon in the background (Credit: dlr Libraries)*

# 3 Fís Éire Ildánach do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
## The Creative Ireland Vision for Dún Laoghaire-Rathdown

IS É ATÁ i bhfís Éire Ildánach ná go mbeidh an deis ag gach duine ar a bhfuil cónaí in Éirinn barr a chumais a bhaint amach ó thaobh na cruthaitheachta de. Déantar an fhís sin a shaothrú trí na Cúig Cholún a ghabhann le Clár Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta & an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Cruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís sin. Meastar freisin go bhfuil bunriachtanas, maidir le fíorú na físe, le ceangal a chothú idir pobail agus ealaíontóirí agus daoine cruthaitheachta eile.

Is é atá san uaillmhian atá againn maidir le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná a chumasú do gach cineál cruthaitheachta teacht faoi bhláth agus méadú ionas go mbíonn sí ina dlúthchuid de shaol na ndaoine, de shaol na háite agus de na comhpháirtíochtaí atá ina gcuid lárnach den Chlár seo. Agus fónann sé sin do cheann de na príomhchuspóirí i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail DLR 2016–2021:

THE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. This is pursued through the Five Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the Programme.

Our ambition for Dún Laoghaire-Rathdown County Council is to enable creativity in all its guises and forms to flourish and grow as an intrinsic part of life of the people, the place and the partnerships that lie at the heart of this Programme. This also serves one of the key objectives of the DLR Local and Economic Community Plan 2016–2021:



**Aidhm 15**
*"Timpeallacht thairbheach a thabhairt chun cinn agus roghanna maidir le stíleanna maireachtála folláine a spreagadh sa chaoi is go mbíonn deis ag an uile dhuine, gan bheann ar chumas, oideachas ná ioncam, ar a bheith níos sláintiúla agus níos folláine ina gcolainn agus ina n-intinn mar gheall ar theacht a bheith acu ar sheirbhísí pobail, ar áiseanna taitneamhachta, spóirt agus caitheamh aimsire agus ar fhearann poiblí ar ardchaighdeán."*

Le linn an Clár a fhorbairt, beidh cumas dhaoine á neartú, caidreamh eatarthu á chothú, smaointe á spreagadh agus acmhainn an phobail á cur chun cinn sa chaoi is go gcuirtear le leas sóisialta, cultúir agus eacnamaíochta an uile dhuine atá ina gcónaí, ag obair nó ar cuairt i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tiocfaidh an obair faoi anáil na huaillmhéine a leagtar amach sna príomhphleananna a bhaineann le cúrsaí cultúir agus a bhí mar bhuntaca le linn an Straitéis seo a bheith á cur le chéile, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Plean Forbartha Leabharlannaíochta Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2016–2020
- Plean Forbartha Ealaíne Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2016–2022
- Plean Oidhreachta Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: 2013–2019 Chun Leasa an Chaighdeáin Saoil
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: An Straitéis maidir le Spás Oscailte Dréacht den Tuarascáil Deiridh Aibreán 2010
- o Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016–2021

**Objective 15**
*"Develop a supportive environment and promote healthy lifestyle choices so that everyone, regardless of ability, education or income has the opportunity for better physical and mental health and well-being, through access to community services, amenities, sports, recreation and a high quality public realm"*

Developing the Programme, we will connect and empower people, inspire ideas and support community potential and thereby contribute to the social, cultural and economic well-being of all residents, workers and visitors to Dún Laoghaire-Rathdown. We are guided by the ambition that is set out in the key culture-related plans that have supported the development of this Strategy which include:

- Dún Laoghaire-Rathdown County Council Library Development Plan 2016–2020
- Dún Laoghaire-Rathdown County Council Arts Development Plan 2016–2022
- Dún Laoghaire-Rathdown County Council Heritage Plan 2013–2019 Contributing Towards Quality of Life
- Dún Laoghaire-Rathdown County Council Open Space Strategy Final Draft Report April 2010
- Dún Laoghaire-Rathdown County Council Local Economic and Community Plan 2016–2021

# 4 Luachanna Éire Ildánach i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

## The Creative Ireland Values in Dún Laoghaire-Rathdown

TÁ LUACHANNA ÉIRE Ildánach, is iad sin, *Comhar*, *Cumarsáid*, *Pobal*, *Rannpháirtíocht*, *Uilechuimsitheacht* agus *Cumhachtú*, lárnach don Straitéis seo agus tá léiriú lr fáil orthu sa phróiseas trína ndearnamar ár gcuspóirí, agus na tosaíochtaí a lean astu, a fhorbairt

Tá na luachanna sainiúla maidir le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a bheidh ag gabháil le cur i bhfeidhm agus le tabhairt i gcrích na straitéise seo ag teacht leis na luachanna atá ag gabháil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:

- **Cuntasacht** – beifear freagrach as na cinntí ar fad a dhéantar agus tabharfar cuntas iomlán ar ár ngníomhartha ar bhealach atá trédhearcach follasach.
- **Díriú ar an gcustaiméir** – feidhmeoimid ar bhealach atá uilechuimsitheach go hiomlán agus caithfear le gach custaiméir ar mhodh measúil, tuisceanach agus urramach le linn seirbhísí cultúir ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- **Réamhghníomhach** – oibreofar ar mhodh réamhghníomhach dearfach agus léireofar ceannaireacht i ndáil leis na cinntí a dhéantar.
- **Sárchaighdeán a bhaint amach** – féachfar leis na caighdeáin is airde a bhaint amach go seasta leanúnach maidir le hiompar an lucht foirne, soláthar seirbhísí agus seirbhís don chustaiméir.
- **Aireach faoi Chostais** – cinnteofar, mar bhunphrionsabal, go ndéantar na cinntí maidir le gach gné de na cláir chultúir ar mhodh ina dtugtar aird chuí ar chostais agus ar luach an airgid.
- **Misneach** – beidh déanamh na gcinntí ar mhaithe le cónaitheoirí, le gnóthaí agus leis an bpobal i gcónaí agus beidh cur chuige daingean nuálach ann i leith ár ngníomhaíochtaí a chur i gcrích.

THE CREATIVE IRELAND values of *Collaboration*, *Communication*, *Community*, *Participation*, *Inclusivity* and *Empowerment* lie at the heart of this Strategy and are reflected in the process through which we have developed our objectives and the resulting priorities.

The specific values for Dún Laoghaire-Rathdown that will inform the implementation and delivery of this strategy mirror those of the Dún Laoghaire-Rathdown Corporate Plan:

- **Being accountable** – we will be responsible for all our decisions, and account for our actions in a fully transparent and visible manner
- **Customer focused** – we will behave in a fully inclusive manner and treat all our customers with respect, understanding and dignity in delivering high quality cultural services
- **Proactive** – we will act progressively and positively and show leadership in decision making
- **Excellence Driven** – we will strive to consistently reach the highest standards of behaviour, service delivery and customer service
- **Cost Conscious** – we will ensure that decisions in all aspects of our cultural programmes will be made with cost consciousness and value for money as key principles
- **Courageous** – we will take decisions at all times in the interests of our residents, businesses and community and will bring a robust and innovative approach to conducting our activities



Féile Cheoil Longitude,
Páirc Mharlaí, Ráth Fearnáin
(Creidiúint: Roinn Páirceanna dlr)

*Longitude Music Festival,*
*Marlay Park, Rathfarnham*
*(Credit: dlr Parks Dept.)*

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## The Strategic Priorities for Dún Laoghaire-Rathdown

D'FHONN ÁR BHFÍS i leith cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta a bhaint amach, tá sé cinn de phríomhthosaíochtaí sainaitheanta againn atá le cur i bhfeidhm i rith ré cúig bliana na straitéise seo, ach sin faoi réir acmhainní a bheith ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise. Thángthas ar na Tosaíochtaí Straitéiseacha trí chomhairliúchán poiblí agus trí ailíniú a dhéanamh ar chuspóirí atá ann i straitéisí maidir le cúrsaí cultúir atá i bhfeidhm cheana féin taobh istigh den údarás áitiúil agus is faoi stiúir mheitheal cultúir idir-rannach a rinneadh an obair sin. Seo a leanas achoimre ar na tosaíochtaí:

- Áit Cruthaitheachta a Mhúnlú
- Pobail Chruthaitheachta a Chumhachtú
- Cruthaitheacht agus Nuáil
- Caighdeán an tSaoil agus Folláine
- Comhpháirtíocht agus Comhoibriú
- Méadú Feasachta

IN ORDER TO achieve our vision for culture and creativity, we have identified six key priorities that are to be implemented over the five-year timeframe of this strategy, subject to resources to support implementation of the Strategy. The process for identifying our Strategic Priorities has been achieved through public consultation and the alignment of objectives in existing culture-related strategies within the local authority and led by inter-departmental culture team engagement. They are summarised as follows:

- Creative Place Making
- Empowering Creative Communities
- Creativity and Innovation
- Quality of Life and Well-Being
- Partnership and Collaboration
- Awareness Raising



Leabharlann Carnegie, Dún Droma (Creidiúint: Leabharlanna dlr)

*Carnegie Library, Dundrum (Credit: dlr Libraries)*



Tugtar cur síos níos mine maidir le gach Tosaíocht Straitéiseach ar leith thíos.

### 1. Áit Cruthaitheachta a Mhúnlú

Ról an chultúir, agus an acmhainn atá aige chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar bheocht agus ar chaighdeán maireachtála na háite, a neartú agus a fhorbairt trí chlár feabhsaithe imeachtaí a sholáthar i spásanna poiblí agus i limistéir oscailte ar fud an Chontae. Chun an tosaíocht seo a bhaint amach, déanfaimid mar a leanas:

- Beidh comhoibriú ann chun deiseanna cruthaitheachta a thabhairt chun cinn maidir le beocht agus bríomhaireacht a chothú i spásanna poiblí agus i bpáirceanna poiblí ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus bainfear leas as an rath a bhí ar chláir chomhoibríocha roimhe seo agus as na nithe a foghlaimíodh uathu
- Soláthrófar deiseanna d'ealaíontóirí chun saothair chruthaitheacha shamhlaíocha a fhorbairt a bheidh bunaithe ar an timpeallacht shainiúil, idir fhoirgnithe agus nádúrtha, d'fhonn feasacht níos mó a spreagadh faoin tábhacht atá ag cúrsaí inmharthanachta agus ag an tírdhreach nádútha agus ag an oidhreacht fhoirgnithe
- Tabharfar tacaíocht i leith modhanna nua nuálacha rochtana ar spásanna poiblí agus príobháideacha ar fud an Chontae, agus i leith úsáidí nua nuálacha le haghaidh na spásanna sin, d'fhonn tacú le réimsí na n-ealaíon, na dearthóireachta, an fhaisin, an bhia, na ceardaíochta agus an tsúgartha shamhlaíoch.

Each Strategic Priority is described in more detail below.

### 1. Creative Place Making

To strengthen and develop the role of culture and its potential to radically transform the vitality and quality of place through an enhanced programme of activities in public spaces and open areas across the County. To deliver on this priority we will:

- Collaborate to develop creative opportunities for animating and enlivening the public spaces and parks across Dún Laoghaire-Rathdown, building on the success and learnings of previous collaborative programmes
- Provide opportunities for artists to develop creative and imaginative responses to the unique natural and built environment, to stimulate a greater awareness of the importance of sustainability and the natural landscape and built heritage
- Support new and innovative access to and uses of public and private spaces across the County to support the arts, design, fashion, food, craft and imaginative play.

## 2. Pobail Chruthaitheachta a Chumhachtú

Tionscnaimh chruthaitheachta agus chultúir, atá á riaradh ag an bpobal, a neartú agus a fhorbairt ionas go gcinntítear gur mó a airítear go mbaineann siad leis an bpobal agus go bhfuil teacht ag an bpobal orthu. Chun an tosaíocht seo a bhaint amach, déanfaimid mar a leanas:

- Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt i leith tionscadal de thionscnamh an phobail atá ar bun cheana féin i sráidbhailte agus i mbailte móra ar fud an Chontae chun tuiscint na ndaoine ar an áit, ar a bhféiniúlacht agus ar a gcuid tréithe a cheiliúradh agus a chomhroinnt
- Feabhsófar cumas scoileanna agus grúpaí deonacha agus pobail, agus cur leis an gcumas sin, méadófar na hacmhainní cultúir agus forbrófar an acmhainneacht atá ann ar bhealach uilechuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta de
- Déanfar tionscnaimh lena gcruthaítear ceangal agus caidreamh níos dlúithe ar fud an Chontae a éascú agus neartófar féiniúlacht aontaithe trí chláir nua agus trí chláir atá ar bun cheana féin amhail Open House, Oíche an Chultúir, an tSeachtain Oidhreachta, Cruinniú agus eile

## 2. Empowering Creative Communities

To strengthen and develop community-led creative and cultural initiatives to ensure greater ownership and access. To deliver on this priority we will

- Support and encourage existing and new community-based projects in villages and towns across the County to celebrate and share their unique sense of place, identity and meaning
- Enhance and build the capacity of schools, voluntary and community groups, grow cultural resources and develop their creative potential in a socially-inclusive way
- Facilitate initiatives that provide greater connections and linkages across the County and strengthen a unified identity through new and existing programmes such as Open House, Culture Night, Heritage Week, Cruinniú na nÓg and others



Ceolfhoireann Shinsearach na Páirce Nua (Creidiúint: Oifig Ealaíon dlr)

*Newpark Senior Orchestra (Credit: dlr Arts Office)*

### 3. Cruthaitheacht agus Nuáil

Ról ceannais a ghlacadh maidir le mol cruthaitheachta agus eolais a fhorbairt do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta trí chláir cheannródaíochta teicneolaíochta agus cruthaitheachta a chur chun cinn. Chun an tosaíocht seo a bhaint amach, déanfaimid mar a leanas:

- Neartófar ról ceannaireachta dlr LexIcon agus LexIconLab i ndáil le forbairt chláir S.T.E.A.M a thugann tacaíocht i leith litearthacht dhigiteach do dhaoine i ngach aoisghrúpa
- Cothófar agus forbrófar an acmhainn chruthaitheachta atá i ndaoine óga trí chláir amhail Music Generation
- Oibreofar i gcomhar leis na forais ardoideachais ar fud an Chontae chun tabhairt faoi thaighde comhoibríoch agus faoi dheiseanna nua foghlama
- Bainfear leas as na buanna atá ag tionscail chruthaitheachta agus ag fiontair dhigiteacha d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar an méid a dhéanann siad ar mhaithe leis an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíochta
- Leanfar de thacaíocht a thabhairt do ghnóthaí cáilithe cruthaitheachta trí Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

### 3. Creativity and Innovation

To lead the development of a creative and knowledge hub for children, young people and adults through pioneering creative technology programmes. To deliver on this priority we will:

- Strengthen the leadership role of dlr LexIcon and LexIconLab in the development of S.T.E.A.M programmes that support digital literacy for people of all ages.
- Nurture and develop the creative potential of young people through programmes such as Music Generation.
- Work in partnership with higher level education institutes across the County to engage in collaborative research and new learning opportunities.
- Harness local strengths in creative industries and digital enterprise to maximise their contribution to social and economic development.
- Continue to support qualifying creative business through LEO DLR.





### 4. Caighdeán an tSaoil agus Folláine

Méadúí a dhéanamh ar na deiseanna trína gcumasaítear rochtain chomhionann ar shaol cultúir agus cruthaitheachta an Chontae, beag beann ar aois ná ar chumas fisiciúil nó meabhrach. Chun an tosaíocht seo a bhaint amach, déanfaimid mar a leanas:

- Leanfar de bheith ag obair le comhpháirtithe chun treoir agus comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ealaíne agus sláinte ar bhealach a spreagann rannpháirtíocht an phobail go háirithe i measc daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu nó daoine den phobal a d'fhéadfadh a bheith i mbaol.
- Cuirfear le comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin agus bunófar comhpháirtíochtaí nua ar fud ranna inmheánacha na Comhairle agus le heagraíochtaí seachtracha d'fhonn tacú le pobail imeallaithe agus d'fhonn eisiamh sóisialta a laghdú.
- Leanfar de thacaíocht a thabhairt do chláir trína gcuidítear le fís Phlean Forbartha na Comhairle a bhaint amach, is é sin, gur sa Chontae seo a bheadh an caighdeán is fearr saoil ag an lucht cónaithe faoin mbliain 2022.

### 4. Quality of Life and Well-Being

To increase opportunities that enable equal access, regardless of age, physical or mental ability, to the cultural and creative life of the County. To deliver on this priority we will:

- Continue to work with partners to provide direction in the areas of arts and health that encourage public participation especially among the older generations, people with disabilities, those with special needs or vulnerable members of our society.
- Build existing and new partnerships across internal departments and external organisations to support marginalised communities and reduce social exclusion.
- Continue to support programmes that contribute to the vision of the Council's Development Plan for the County to possess the best quality of residential life by 2022.




Buaiteoirí Idirbhliana Champa Fiontraithe STEM 2017 (Creidiúint: Peter Cavanagh)

*Transition Year STEM Entrepreneur Camp winners 2017 (Credit: Peter Cavanagh)*





## 5. Comhoibriú agus Comhpháirtíocht

Oibriú le comhpháirtithe reatha agus le comhpháirtithe nua chun deiseanna don chomhoibriú agus don chomhpháirtíocht a chruthú. Chun an tosaíocht seo a bhaint amach, déanfaimid mar a leanas:

- Tabharfar faoi bheart mapála maidir le spásanna, áiseanna agus acmhainní pobail ionas go mbainfear an leas is fearr is féidir as na sócmhainní cultúir agus cruthaitheachta.
- Neartófar an líonra cleachtóirí cultúir agus fiontar cruthaitheachta sa Chontae d'fhonn malartú scileanna, taithí agus deiseanna i gcomhair comhoibriú a éascú.
- Leanfar de bheith ag bunú comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí agus le pobail in earnálacha éagsúla ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun a chinntiú go sroicheann forbairt an chultúir agus na cruthaitheachta am oiread daoine agus is féidir.

## 5. Collaboration and Partnerships

To work with existing and new partners to create opportunities for collaboration and partnership. To deliver on this priority we will:

- Undertake a mapping exercise of our community spaces, facilities and resources to maximise the use of cultural and creative assets.
- Strengthen the network of cultural practitioners and creative enterprises in the County to facilitate the exchange of skills, experience and collaborative opportunities.
- Continue to build partnerships with a variety of organisations and communities from different sectors locally, nationally and internationally to ensure the development of culture and creativity has a broad reach.




Amharclann an Mhuilinn, dlr, Dún Droma (Creidiúint: Amharclann an Mhuilinn, dlr)

*dlr Mill Theatre, Dundrum (Credit: dlr Mill Theatre)*

### 6. Méadú Feasachta

Clú agus próifíl Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar chontae ina bhfuil flúirse acmhainní agus cumais cultúir agus cruthaitheachta a neartú agus a fhorbairt. Chun an tosaíocht seo a bhaint amach, déanfaimid mar a leanas:

- Déanfar feachtas comhtháite ilardáin poiblíochta agus margaíochta a fhorbairt chun feasacht a mhéadú maidir leis an raon ilghnéitheach acmhainní cultúir agus cruthaitheachta atá ann sa Chontae
- Cuirfear leis an gcumas maidir le hócáidí Spectacle a reáchtáil chun clú an Chontae mar mhol cruthaitheachta agus cultúir a neartú agus chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta
- Soláthrófar faisnéis faoin raon leathan áiseanna ardchaighdeáin áineasa agus cultúir atá ar fáil do phobal na háite d'fhonn contae bríomhar ina bhfuil fáilte roimh chách a chur chun cinn

### 6. Awareness Raising

To strengthen and develop DLR's reputation and profile as a County rich in cultural and creative assets and potential. To deliver on this priority we will:

- Develop an integrated, multi-platform promotion and marketing campaign to raise awareness of the diverse range of cultural and creative assets of the County.
- Build on the potential for Spectacle events to strengthen the identity of the County as a creative and cultural hub and support social and economic development.
- Provide information on the wide range of high quality recreational and cultural amenities for communities to promote a welcoming and dynamic county that is accessible to all.



Finders & Keepers, Painéal léiritheoirí leis an ealaíontóir Claire Halpin (Creidiúint: Oifig Ealaíon dlr)

*Finders & Keepers, Curator panel with artist Claire Halpin (Credit: dlr Arts Office)*



dlr POP, Daoine ar an gCé, teilgean ag dlr LexIcon 2017 (Creidiúint: Peter Cavanagh)

*dlr POP, People on the Pier, Projection at dlr LexIcon 2017 (Credit: Peter Cavanagh)*

# 6 Cur i bhfeidhm
## Implementation

### Plean Gníomhaíochta 2018

Rinneadh na príomhbhearta atá le tabhairt chun críche i rith na bliana 2018 chun tacú le cur i bhfeidhm ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a cheapadh ar mhodh ina leagtar béim ar thionscnaimh nó ar imeachtaí áirithe a thabharfaidh breisluach don chlár reatha agus do thionscnaimh atá ar bun cheana féin, a bhainfidh an leas is fearr agus is féidir as na hacmhainní atá ar fáil, a áiritheoidh na leibhéil is airde rochtana agus rannpháirtíochta ar fud an Chontae agus a mbeidh tionchar fadtéarmach inbhuanaithe acu.

Cuirfear na bearta sin i gcrích trí oibriú i gcomhpháirtíocht le grúpaí ar fud an údaráis áitiúil agus le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha chun tacú leis na nascanna tréana a bhfuil tábhacht leo maidir le pobal bríomhar cruthaitheachta a chruthú. Féachfar leis an tionchar a bhíonn ag na bearta a thomhas agus féachfar lena chinntiú go mbeidh an tionchar agus an éifeacht is mó agus is féidir acu ar ár bhfolláine ó thaobh cúrsaí cultúir, eacnamaíochta agus sóisialta de.

### Tionscadail Éire Ildánach DLR don bhliain 2018:

1. **Comóradh Céad Bliain** ar an am a cuireadh an RMS Leinster go tóin poill trí chlár imeachtaí éagsúla a chur ar fáil. Na Príomh-Chomhpháirtithe: Roinn na bPáirceanna, an Oifig Ealaíon & Leabharlanna dlr.
2. Tionscadal **Garraí Pobail** a choimisiúnófar d'fhonn dlúthbhaint an phobail le tionscadail cruthaitheachta dá gcuid féin a chothú agus a spreagadh. Na Príomh-Chomhpháirtithe: Roinn na bPáirceanna agus Forbairt Pobail
3. **Polasaí Súgartha nua** a fhorbairt do leanaí sna spásanna oscailte d'fhonn comóradh a dhéanamh ar chothrom 25 Bliana dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh ag Éirinn
Na Príomh-Chomhpháirtithe:
Roinn na bPáirceanna
4. Clár imeachtaí **Bhliain na Gaeilge**, cúrsaí agus ranganna litearthachta digití trí Ghaeilge mar cheiliúradh ar bhliain na Gaeilge.
Na Príomh-Chomhpháirtithe:
Leabharlanna dlr.
5. Deiseanna a shainaithint i ndáil le **Sparánachtaí Éire Ildánach** do dhuine aonair / do phobail ó Fhómhar na bliana 2018 amach.
Na Príomh-Chomhpháirtithe:
An Oifig Ealaíon.
6. Leathnú agus forbairt a dhéanamh ar chlár na d**Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha** in dlr LexIconLab d'fhonn tacú le hobair taighde, dearthóireachta agus trialach agus le smaointeoireacht nua i measc daoine óga. **Leathnú agus forbairt a dhéanamh ar an dianchúrsa STEAM** in éineacht le scoileanna dara leibhéal ar fud an Chontae d'fhonn foghlaim, forbairt, scileanna agus deiseanna ar feadh an tsaoil a fhorbairt agus a chur chun cinn.
Na Príomh-Chomhpháirtithe: Oifig Fiontair Áitiúil dlr & Leabharlanna dlr.
7. Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé "**Sculptune**" a chur i láthair – is e sin,suiteáil idirghníomhach cheoil do leanaí réamhscoile agus dá gcúramóirí agus sin á reáchtail i gcomhar leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.
Na Príomh-Chomhpháirtithe:
An Oifig Ealaíon.

### 2018 Action Plan

The key actions to be completed in 2018 to support the delivery of our Strategic Priorities have been designed to focus on a targeted number of initiatives or events that will add value to existing programme and initiatives, maximise resources, reach the widest levels of access and participation across the County and contribute to long term, sustainable impact.

The actions will be achieved through working in partnership across the local authority and with external organisations and agencies to support the development of strong links that are central to building vibrant creative communities. We will seek to evaluate the impact of these actions and seek to maximise their impact on and contribution towards our cultural, economic and social well-being.

### DLR Creative Ireland Projects for 2018:

1. **Commemoration of the Centenary** of the sinking of the RMS Leinster through a programme of events.
Lead Partners: Parks Dept., Arts Office & dlr Libraries.
2. **A Community Garden** project to be commissioned to support and encourage increased public ownership of creative projects within communities.
Lead Partners: Parks Dept. with Community Development
3. Development of a **new Play Policy** for children in open spaces to mark the 25th anniversary of Ireland's ratification of the UN Rights of the Child.
Lead Partners: Parks Dept.
4. Programming of **Bliain na Gaeilge** events, courses and digital literacy classes through Irish to celebrate the year of the language.
Lead Partners: dlr Libraries.
5. Identify opportunities to roll out **Creative Ireland Bursaries** for individuals / communities from Autumn 2018.
Lead Partners: Arts Office.
6. Expand and develop the programme of **Creative technologies** at dlr LexIcon Lab to support research, design, experimentation and new ideas among young people.
**Develop and expand the STEAM bootcamp** with secondary schools across the County to enhance and promote learning development, skills and opportunities for life.
Lead Partners: dlr LEO & Libraries.
7. Explore the feasibility of presenting "**Sculptune**" – an interactive musical installation for pre-school children and their care givers, working in partnership with the other Dublin Local Authorities.
Lead Partners: Arts Office.

8. Dul chun cinn a dhéanamh maidir le **Digitiú na Staidéar Áitiúil** d'fhonn feabhas a chur ar an rochtain agus ar an bhfeasacht ata ann i leith tionscnaimh agus imeachtaí staire agus cultúir.
   Na Príomh-Chomhpháirtithe: Leabharlanna dlr
9. Grúpa **daoine óga idir 16–25** a thabhairt le chéile as gach cuid den chontae chun comhoibriú a dhéanamh le coimeádaí oilte chun **saothar nua do Bhailiúchán Ealaíne an Chontae** a roghnú.
   Na Príomh-Chomhpháirtithe: An Oifig Ealaíon, Grainstore
10. Réad a chruthú lena gcruthófar deiseanna **idirghlúine** agus lena spreagfar do dhaoine scíth a ligean, agus ar réad súgartha é freisin lena dtugtar spreagadh i leith cur chuige nua maidir leis an súgradh, agus an méid sin a dhéanamh i gcomhar le ranna eile de chuid Chomhairle DLR. Na Príomh-Chomhpháirtithe: Roinn na nAiltirí, An Roinn Pobail & Roinn na bPáirceanna.
11. **Tacú le tionscail chruthaitheachta cháilithe** le deontais, le tacaíochtaí do ghnóthaí, le cláir mheantóireachta agus le cláir oiliúna. Na Príomh-Chomhpháirtithe: Oifig Fiontair Áitiúil dlr.
12. Céilí Mór – **Imeacht idirghlúine amuigh faoin aer agus béim ar cheol agus ar dhamhsa traidisiúnta Gaelach**. Na Príomh-Chomhpháirtithe: Leabharlanna dlr & an Roinn Pobail in éineacht le Roinn na bPáirceanna.

8. Progress **Digitisation of Local Studies** to enhance access to and awareness of local historical and cultural initiatives and events.
   Lead Partners: dlr Libraries
9. Bring together a group of **young people aged 16–25** from across the county to collaborate with an experienced curator in selecting **new work for the County Art Collection**.
   Lead Partners: Arts Office, Grainstore
10. Create an object that offers **intergenerational** opportunities, invites people to rest and is also an object of play encouraging a new approach to play in collaboration with other DLR departments.
   Lead Partners: Architects' Dept., Community & Parks Dept.
11. **Support of qualifying creative industries** through our grants, business supports, mentoring and training programmes.
   Lead Partners: dlr LEO.
12. Céilí Mór – **Intergenerational traditional Irish music and dance outdoor event.**
   Lead Partners: dlr Libraries & Community Dept. with Parks Dept.





## Buíochas

Mar chuid de Chéim an Chomhairliúcháin Phoiblí maidir leis an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 5 Bliana seo, eagraíodh cruinniú poiblí i mí Aibreáin 2017 agus rinneadh suirbhé i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tháinig 74 freagra ar an suirbhé. Aontaíodh dréacht den Straitéis ag cruinniú de chuid an Choiste Beartais Straitéisigh maidir le Forbairt Pobail, Cultúr agus Aosú i mí na Nollag 2017 agus ag cruinniú de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i mí an Mhárta 2018.

Gabhaimid buíochas leo sin ar fad a d'oibrigh le chéile ar an Straitéis agus le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin, a thíolaic aighneacht nó a thug freagraí ar an suirbhé.

## Acknowledgements

The Public Consultation Phase for this 5 year Culture & Creativity Strategy included a public meeting in April 2017 followed by a survey in October 2017. A total of 74 survey responses were received. The draft Strategy was approved at the Community Development, Culture & Ageing Strategic Policy Committee meeting in December 2017, and by DLR Council in March 2018.

We gratefully acknowledge all those who worked together on the Strategy and all those who participated in the consultative process, made submissions and completed the survey.

**Meitheal Cultúir DLR maidir le clár Éire Ildánach**

Cathaoirleach: Dearbhla Lawson – Stiúrthóir Forbartha Pobail & Cultúir

Comhordaitheoir Éire Ildánach:
Mairéad Owens – Leabharlannaí an Chontae

Carolyn Brown – An Oifig Ealaíon

Karen Cahill – An Oifig Cumarsáide

Helen Griffin – An Roinn Pobail & Uilechuimsitheachta Sóisialta

Shelley Healy – Leabharlanna dlr

Ciara Jones – Leabharlanna dlr

Marian Keyes – Leabharlanna dlr

Owen Laverty – Oifig Fiontair Áitiúil DLR

Joanne Maher – Roinn na nAiltirí.

Ruairí Ó Dúlaing – Roinn na bPáirceanna

Ian Smalley – Imeachtaí DLR

**DLR Culture Team for Creative Ireland**

Chairperson: Dearbhla Lawson – Director of Community & Cultural Development

Creative Ireland Co-Ordinator:
Mairéad Owens – County Librarian

Carolyn Brown – Arts Office

Karen Cahill – Communications Office

Helen Griffin – Community & Social Inclusion Dept.

Shelley Healy – dlr Libraries

Ciara Jones – dlr Libraries

Marian Keyes – dlr Libraries

Owen Laverty – DLR Local Enterprise Office

Joanne Maher – Architects' Dept.

Ruairí O' Dulaing – Parks Dept.

Ian Smalley – DLR Events

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022